An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

Clár Samhraidh 2026
‘Muinín agus Naisc a Chothú’

Iar-Bhunscoileanna

Forléargas – Téarmaí agus Coinníollacha

Clár

Cúlra **4**

Clár Samhraidh 2026 4
CUIREADH NA CIGIREACHTA CHUIG SCOILEANNA 5
Téama do Chlár Samhraidh 2026 6
Athruithe ar Chlár an tSamhraidh 2026 6
Cad atá ar siúl do 2026 7
Tacaíocht do scoileanna leis an gclár a thairiscint 8

1. Scéim na nIar-bhunscoileanna **9**

Incháilitheacht Scoláirí 9
Fad na Scéime 12
Leithdháileadh Foirne – Líon na ngrúpaí 12
An líon is lú daltaí atá ag teastáil 13

2. An próiseas Iarratais **14**

Tairseach Clárúcháin Ar Líne 14
Achomhairc ar Leithdháileadh Acmhainní 14

3. Acmhainní foirne **15**

Ról an Eagraí 15
Ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh 16
Ról an Mhúinteora 17
Ról an Chúntóra Riachtanas Speisialta (CRS) 17
Baill foirne sheachtracha a earcú 17
Múinteoirí céime a earcú 18
Múinteoirí MGO faoi oiliúint a earcú 18
Múinteoirí fochéime faoi oiliúint a earcú 18

4. Eolas don Fhoireann **20**

Rátaí íocaíochta 20
Rátaí pá ionaid 20
Incháilitheacht múinteoirí/CRSanna atá ar shaoire cheadaithe 20
Múinteoirí ar scor 20

5. An Próiseas Íocaíochta **21**

6. Tacaíochtaí breise **22**

Íocaíocht Deontais an Chláir Samhraidh 22
Iompar 22

7. Tuilleadh eolais **24**

Cosaint Leanaí 24

An Ghaeilge 24
Treoirlínte Sláinte Poiblí 24
Fad an lae scoile 25
Fiosruithe agus Tacaíocht 25

Cúlra

Clár Samhraidh 2026

Tá Clár Samhraidh na bliana seo ag tógáil ar na tionscnaimh le ceithre bliana anuas. Díreofar go príomha sa Chlár Samhraidh 2026 ar a chinntiú go mbeidh rochtain ar chlár samhraidh scoilbhunaithe ag scoláirí a bhfuil na riachtanais is casta acu. Tá an clár i mbliana deartha chun a chinntiú go spriocdhíreofar tacaíochtaí ar bhealach ina dtabharfar cúnamh do scoláirí a bhfuil riachtanais chasta speisialta oideachais acu.

Is iad aidhmeanna an chláir i mbliana tacú le folláine scoláirí trína muinín a chothú agus trí chur leis an mbraistint ceangail atá acu lena scoil agus lena bpiaraí. Féachann sé freisin le tacú le leanaí agus daoine óga atá ag príomhchéimeanna aistrithe ina gcuid oideachais chun dul ar aghaidh chuig an socrúchán oideachais atá beartaithe acu i mí Mheán Fómhair.

Tá drochthionchar ag paindéim COVID-19 agus an cur isteach a ghabhann leis ar an oideachas ar go leor leanaí agus a dteaghlaigh, agus tá tionchar díréireach aige ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus ar na leanaí sin atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais is mó. Mar sin féin, tá an clár ag dul isteach ina 5^{ú} bliain anois ó thús na paindéime. I bhfianaise imeacht na haimsire, i gcás ina bhfuil scoileanna fós ar oscailt ó shin, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú suntasach ar thionchar an chaillteanais foghlama a bhaineann leis an bpaindéim sna blianta ina dhiaidh sin i gcás fhormhór na bpáistí. Dá bhrí sin, is iomchuí go ndíreodh an Clár Samhraidh ar na scoláirí sin a bhfuil an tionchar is mó orthu fós nuair atá an scoilbhliain thart, ina bhfuil meath foghlama indéanta agus ina soláthraítear sochar suntasach oideachasúil, sóisialta agus mothúchánach a bhuí leis an tacaíocht bhreise seo. Dá bhrí sin, sa bhliain 2026, beifear ag súil go dtabharfaidh scoileanna tús áite do thacaíochtaí do leanaí i ranganna speisialta, agus ina dhiaidh sin do leanaí a bhfuil na riachtanais oideachais speisialta casta is airde acu laistigh de ranganna príomhshrutha.

Spreagann an Roinn Oideachais na scoileanna aitheanta uile an tionscnamh a reáchtáil le linn laethanta saoire na scoile ag am atá oiriúnach do bhaill foirne agus do scoláirí.

Tá an Roinn Oideachais ag lorg rannpháirtíocht na n-iar-bhunscoileanna uile le Clár Samhraidh 2026 a sholáthar.

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige

I rith mhíonna an tsamhraidh 2024, thug Cigireacht na Roinne sraith cuairteanna ar roinnt bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta mar chuid dá meastóireacht ar Chlár an tSamhraidh 2024.

I measc na bpríomhchinntí de na cuairteanna cigireachta, tá an méid seo a leanas:

- **Chothaigh na baill foirne ar chláir samhraidh caidreamh maith leis na leanaí agus daoine óga.**
- **Mhothaigh na leanaí agus daoine óga muintearas agus go raibh fáilte rompu ar scoil le linn an chláir.**

- **D’fhorbair na leanaí agus daoine óga dlúthchaidreamh, a neartaigh a nasc le pobal na scoile.**
- **D’fhorbair na leanaí agus daoine óga scileanna sóisialta ar nós tuiscint a fháil ar dhifríochtaí agus meas a thabhairt ar an éagsúlacht.**
- **Mhothaigh beagnach na múinteoirí, príomhoidí, eagraithe na gclár agus na bainisteoirí go léir go ndearna an clár samhraidh difríocht do na leanaí agus daoine óga nuair a d’fhill siad ar an scoil i mí Mheán Fómhair**

Foilsíodh an tuarascáil “Ag cur muiníne agus naisc le chéile: Tuarascáil na Cigireachta ar chlár an tsamhraidh 2024” i mí Aibreáin 2025 agus is féidir í a fháil anseo.

I mí an Mhárta 2026, d’fhoilsigh an Chigireacht Tuarascáil Chlár an tSamhraidh 2025: *Buaicphointí ó Chlár an tSamhraidh 2025 maidir le Muinín, Cruthaitheacht agus Ceangal.* Léirítear sa tuarascáil seo samplaí de ghníomhaíochtaí den sórt sin a bhreathnaigh cigirí le linn cuairteanna ar chláir an tsamhraidh i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta agus a dhírigh ar chúig réimse:

- gníomhaíocht a chur chun cinn,
- iniúchadh agus foghlaim sa phobal áitiúil,
- teicneolaíocht dhigiteach a úsáid,
- ag tacú le haistrithe oideachais agus
- eispéiris foghlama gníomhacha fhreagrúla.

Léiríonn na samplaí sa tuarascáil tiomantas soiléir ó eagraithe clár, bainisteoirí agus baill foirne maidir le heispéiris a sholáthar a chabhraíonn le leanaí agus le daoine óga a bheith páirteach, rath a bhaint amach agus dul chun cinn a dhéanamh. Léiríonn siad cur chuige beartaithe ar féidir le scoileanna a oiriúnú dá gcomhthéacs féin. Tugann an tuarascáil comhairle d’eagraithe clár samhraidh agus d’fhoireann scoile atá ag ullmhú do chlár an tsamhraidh in 2026.

Tá an nasc chuig Tuarascáil Chlár an tSamhraidh 2025 le fáil anseo.

CUIREADH NA CIGIREACHTA CHUIG SCOILEANNA

Más mian le do scoil iniúchadh a dhéanamh ar conas a d’fhéadfá eispéiris ardchaighdeáin a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga ar do Chlár Samhraidh 2026, bheadh áthas ar an gCigireacht tacú leat leis an bpróiseas seo. Más mian leat glacadh leis an tairiscint seo, déan teagmháil leis an gCigireacht ag: **Inspectorate_Summerprogramme@education.gov.ie**

Tabhair faoi deara: ní thagraíonn scoil ach do scoil atá aitheanta faoi Alt 10 (3) den Acht Oideachais 1998.

Téama do Chlár Samhraidh 2026

Is é ‘Muinín agus Naisc a Chothú” an téama atá ann go fóill do chlár na bliana seo. Aithnítear go forleathan go bfuil an taithí le piaraí mar chomhthéacs forbartha tábhachtach do leanaí agus do dhaoine óga. Le caidreamh piaraí, cuirtear comhthéacs ar leith ar fáil ina bhfoghlaimíonn daoine óga raon scileanna mothúchánacha sóisialta tábhachtacha, ar nós comhbhá, comhoibriú, agus straitéisí réiteach fadhbanna. Piaraí, nó grúpa daoine óga a bhfuil spéiseanna den chineál céanna acu, atá ar aois den chineál céanna nó a bhfuil cúlra den chineál céanna acu, tá siad mar fhoinse eolais, aiseolais agus tacaíochta thábhachtach do dhaoine aonair agus tuiscint ar a nádúr féin á forbairt acu.

Tá sé i gceist gur eispéireas taitneamhach a bheidh sa Chlár Samhraidh do scoláirí agus do bhaill foirne araon. Ba chóir go léireodh an raon gníomhaíochtaí téama na bliana seo agus go mbeadh deiseanna rannpháirtíochta dalta-lárnach, súgartha-bhunaithe ann.

Beidh ar Eagraí Clár Samhraidh gach scoile freastal ar oiliúint ar líne a bheidh a bheidh á héascú ag Ionad Tacaíochta Oideachais Thrá Lí. Mar aon leis sin, déanfar tuilleadh deiseanna comhoibrithe agus comhroinnt taithí a éascú d’Eagraithe.

Cuirfear tacaíochtaí, treoir agus ábhar oiliúna ar fáil do scoileanna agus don fhoireann chun cabhrú le clár na bliana seo a fhorbairt agus a sheachadadh

Athruithe ar Chlár an tSamhraidh 2026

Athruithe ar an Tairseach Iarratais Ar Líne

Chun tacú le próiseas iarratais níos réidhe agus níos freagrúla i mbliana, tugadh isteach roinnt athruithe ar an bpróiseas iarratais freisin.

Leanfaidh scoileanna de bheith ag léiriú a spéis i gclár scoilbhunaithe a reáchtáil ar an mbealach céanna agus a bhí sna blianta roimhe seo. Nuair a chuirfear iarratas isteach, gheobhaidh scoileanna ríomhphost ina ndeimhneofar go bhfuarthas é.

Sa tseachtain dar tús an **25 Bealtaine 2026**, déanfar teagmháil le scoileanna ar bhonn aonair agus gheobhaidh siad ríomhphost leantach ina ndeimhneofar líon na ndaltaí a ceadaíodh chun páirt a ghlacadh i gclár na bliana seo, mar aon le leithdháileadh foirne sannta a scoile. Cinntíonn an cur chuige sin go bhfaigheann gach scoil faisnéis shoiléir, saincheaptha chun cabhrú le pleanáil éifeachtach.

Idir an dá linn, nuair a bheidh an próiseas iarratais críochnaithe, moltar do scoileanna tosú ag pleanáil ar an mbonn go ndéanfar freastal ar na grúpaí ranga speisialta. Tacóidh sé sin le

hullmhúchán tráthúil agus cinnteoidh sé go mbeidh na cláir réidh chun freastal ar riachtanais na ndaltaí a luaithe a eiseofar na deimhnithe deiridh.

Oscailt agus Dúnadh na dTairseach Iarratais Ar Líne

Beidh na Tairseacha Iarratais Ar Líne ar oscailt ón **6 Bealtaine 2026** go dtí an **15 Bealtaine 2026**. Iarrtar ar scoileanna na dátaí seo a thabhairt faoi deara go cúramach toisc nach nglacfar le hiarratais dhéanacha. Nuair a bheidh na tairseacha dúnta, **ní athosclófar** iad faoi aon imthosca.

An Scéim Baile Bhunaithe

Ba chóir do scoileanna, nuair is féidir, líon na ngrúpaí ranga a uasmhéadú sula mbreithnítear iarratas a dhéanamh ar Sholáthar Baile d'aon leanbh.

I gcás 2026, beidh an Tairseach Iarratais Baile-bhunaithe oscailte i gcomhthráth leis an Tairseach Iarratais Scoil-bhunaithe.

Riachtanas ó scoileanna roimh thús an chláir

I mí na Bealtaine, is féidir teagmháil a dhéanamh le scoileanna chun liosta a chur ar fáil de na daltaí a bheidh páirteach sa chlár scoilbhunaithe. Cuirfear teimpléad don chineál eolais a theastaíonn ar fáil do scoileanna roimh ré.

Ní féidir le daltaí páirt a ghlacadh ach i gclár samhraidh amháin. Ní bheidh dalta a ghlacann páirt sa Scéim Iar-bhunscoile incháilithe chlár bailebhunaithe, fiú mura bhfuil freastal déanta acu ach ar chuid de chlár scoilbhunaithe. Cinntíonn an cur chuige sin go mbaintear an leas is fearr as áiteanna agus gur féidir leis an oiread daltaí agus is féidir teacht ar thacaíocht faoi Chlár an tSamhraidh.

Uasuaireanta inéilithe in aghaidh na seachtaine

Íocfar Múinteoirí agus Bainisteoirí Cláir as gach uair an chloig a oibrítear agus uasuaireanta inéilithe in aghaidh an mhúinteora nó an Bhainisteora a oibríonn cúig lá sa tseachtain faoi uasteorainn 28 uair an chloig. Ní bheidh aon athrú ar na huaireanta CRS inéilithe.

.

Cad atá ar siúl do 2026

I gclár na bliana seo, coimeádtar **ról an Eagraí**, a tháinig in ionad uaireanta ullmhúcháin sna blianta roimhe seo, chun tacú le scoileanna lena bpleanáil agus lena rannpháirtíocht sa Chlár Samhraidh. Freisin, tá ról **Bhainisteoir an Chláir Samhraidh** agus feidhmeanna an róil seo mar an gcéanna den chuid is mó ó na blianta roimhe seo. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na róil seo ar fáil i gCuid 3 den doiciméad seo.

Tá acmhainní agus bearta eile curtha ar fáil sna codanna thíos.

Tacaíocht do scoileanna leis an gclár a thairiscint

Tá sraith leathan tacaíochtaí curtha i bhfeidhm chun scoileanna a spreagadh agus a éascú chun an clár a thairiscint. Tá na bearta seo deartha chun solúbthacht a chur ar fáil agus chun cabhrú leis an mbainistíocht ó thaobh cúraimí riaracháin. Áirítear leis na tacaíochtaí freisin íocaíocht níos luaithe* d'fhoireann scoile trí ESINET agus maoiniú do scoileanna a sholáthar chun ullmhú, comhordú agus maoirseacht na gclár a éascú. Tá sonraí breise maidir le próiseas íocaíochta ESINET ar fáil i gCuid 5 den doiciméad seo.

Maidir le foireann, féadfaidh múinteoirí nuacháilithe agus múinteoirí fochéime faoi oiliúint a chláraigh leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 5 a bheith fostaithe ar an gClár Samhraidh. Is féidir le scoileanna freisin foireann atá cáilithe go cuí a earcú do ról CRS. Tá tuilleadh sonraí maidir le foireann ar fáil i gCuid 3 den doiciméad seo.

Tugadh ról an **Eagraí** isteach in 2023, ionas gur féidir le boird bhainistíochta agus príomhoidí scoile freagrachtaí bainteach le pleanáil agus ullmhú clár a shannadh ag céim i bhfad níos luaithe dá scoilbhliain. Tá ról **Bhainisteoir an Chláir Samhraidh** ann freisin le linn mhíonna an tsamhraidh nuair a bhíonn an clár ar siúl sa scoil. Spreagtar príomhoidí le dul i dteagmháil le baill foirne maidir leis na freagrachtaí seo a ghlacadh chun a n-ualach oibre féin a mhaolú agus chun ceannaireacht dáilte a chothú

Cruthaíonn róil an Eagraí agus Bhainisteoir an Chláir Samhraidh deis spreagúil ghairmiúil do mhúinteoirí a scileanna ceannaireachta a fhorbairt agus taithí bainistíochta a fháil ag leibhéal na scoile uile agus ag leibhéal na forbartha gairmiúla araon.

Cé gur mian lena lán príomhoidí leanúint ar aghaidh leis an gclár a eagrú agus a reáchtáil ina scoileanna féin, mar a tharla sna blianta roimhe seo, sa Chlár Samhraidh 2026, ceadaítear do phríomhoidí na feidhmeanna sin a tharmligean chuig baill foirne eile.

Leagfar amach na róil seo níos mine i gCuid 3 den doiciméad seo.

1. Scéim na nIar-bhunscoileanna

Incháilitheacht Scoláirí

TABHAIR FAOI DEARA: Tá sé tábhachtach go gcuirfidh scoileanna na critéir incháilitheachta atá leagtha amach thíos i bhfeidhm go docht ionas go dtabharfar tosaíocht do na leanaí sin a bhfuil an leibhéal is mó riachtanas acu chun páirt a ghlacadh sa chlár. Ní mór don Roinn a chinntiú go bhfuil an soláthar cothrom agus comhsheasmhach ar fud na scoileanna go léir chun úsáid na n-acmhainní atá ar fáil a uasmhéadú ach oibreoidh sí le scoileanna chun cabhrú le tacú le riachtanais na leanaí is mó a bhfuil an leibhéal riachtanas acu agus iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais sna scoileanna sin.

Tá Scéim na nIar-bhunscoileanna oscailte do dhaltaí atá rollaithe i ranganna speisialta, do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu i ranganna príomhshrutha agus dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.

Ba cheart d'iar-bhunscoileanna a bhfuil an Scéim Iar-bhunscoileanna á reáchtáil acu tús áite a thabhairt do scoláirí i ranganna speisialta nuair atá áiteanna ina gclár á sannadh acu. Tá na scoláirí uile atá ag freastal ar ranganna speisialta i dteideal páirt a ghlacadh i gclár samhraidh a scoile.

Is féidir áiteanna ina dhiaidh sin a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu atá i ranganna príomhshrutha agus na háiteanna atá fágtha ar an gclár a thairiscint dóibh siúd is mó i mbaol míbhuntáiste oideachais.

I scoileanna príomhshrutha nach bhfuil aon ranganna speisialta acu, tacóidh an clár scoilbhunaithe le scoláirí de ghrúpaí suas le dhá leanbh déag. Agus cinneadh á dhéanamh faoin incháilitheacht don chlár, ba chóir tús áite a thabhairt do scoláirí a bhfuil na riachtanais speisialta oideachais is casta acu sna ranganna príomhshrutha agus na háiteanna atá fágtha ar an gclár a thairiscint dóibh siúd is mó i mbaol míbhuntáiste oideachais.

Chun críche Scéim na nIar-bhunscoileanna, is é an sainmhíniú seo a leanas a thugtar do scoláirí a riachtanais speisialta oideachais chasta acu i ranganna príomhshrutha:

1. Na scoláirí uile atá rollaithe i ranganna speisialta.
2. Scoláirí a thaispeánann na riachtanais is suntasaí i ranganna príomhshrutha in iar-bhunscoileanna atá ag déanamh rochtana ar an leibhéal is airde den Leanúntas Tacaíochta (Tacaíocht Scoile Móide)[1]. San áireamh anseo, beidh líon beag scoláirí a bhfuil riachtanais leanúnacha acu a chuireann isteach go mór ar an gcumas atá iontu foghlaim a dhéanamh, feidhmiú go neamhspleách agus le páirt a ghlacadh i gcúrsaí oideachais.

[1] Féach Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna a Thacaíonn le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha le haghaidh treorach chun riachtanais daltaí a aithint agus chun freagairt orthu mar chuid den Leanúntas Tacaíochta, a thugann samplaí a d'oibrigh

- Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna Ag Tacú le Daoine Óga i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu

Bíonn tacaíochtaí teagaisc agus foghlama atá an-oiriúnaithe, diana, spriocdhírithe agus breise ag teastáil ó na scoláirí seo mar gur riachtanais leanúnacha iad a riachtanais speisialta oideachais, agus bíonn tionchar acu ar a bhfoghlaim agus ar a rannpháirtíocht i dtimpeallacht na scoile. D'fhéadfadh na scoláirí seo an méid seo a leanas a thaispeáint:

- Riachtanais shuntasacha maidir le feidhmiú fisiceach agus/nó céadfach (lena n-áirítear scoláirí atá Bodhar nó a bhfuil caillteanas éisteachta trom go dian orthu agus scoláirí atá dall nó a bhfuil lagú radhairc trom go dian orthu)
- Riachtanais shuntasacha i bhfeidhmiú cognaíoch agus scileanna maireachtála neamhspleácha/laethúla (lena n-áirítear scoláirí atá faoi mhíchumas meánach go trom NÓ atá faoi mhíchumas foghlama suntasach/dian)
- Riachtanais shuntasacha sa chumarsáid shóisialta, sa chaidreamh sóisialta atá in éineacht le patrúin iompair dhochta a tharlaíonn arís is arís eile
- Scoláirí a bhfuil Uathachas Orthu
- Scoláirí a bhfuil Siondróm Down Orthu
- Scoláirí a bhfuil riachtanais iompair mhothúchánacha throma nó shuntasacha orthu sa mhéid go bhfuil na hiompair seo ar ábhair imní iad ag cur isteach ar ábaltacht an scoláire le foghlaim a dhéanamh, le feidhmiú go neamhspleách agus le bheith rannpháirteach go hiomlán i saol na scoile.

Leanúntas Tacaíochta

Leag an Roinn an creat um Leanúntas Tacaíochta (ar fáil anseo) amach chun cuidiú le scoileanna riachtanais na scoláirí a aithint agus a fhreagairt. Sa chreat seo, aithnítear go dtarlaíonn riachtanais speisialta oideachais feadh leanúntais, ó riachtanais éadroma go throma, agus ó riachtanais neamhbhuana go fhadtéarmacha, agus go mbíonn leibhéil tacaíochta dhifriúla ag teastáil ó scoláirí ag brath ar a riachtanais atá aitheanta. Is samhail réiteach fadhbanna é an Leanúntas Tacaíochta ar an measúnú agus ar an idirghabháil ina bhfuil scoileanna in ann sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, chomh maith le pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanann scoláirí ar leith. Agus an creat seo in úsáid, cuidítear lena chinntiú go ndéantar idirghabhálacha de réir a chéile, ag bogadh ó idirghabhálacha rangbhunaithe go dtí tacaíocht atá níos déine agus níos oiriúnaithe, agus go bhfuil siad treoraithe trí mhonatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn. I dTreoirlínte na Roinne d'Iar-bhunscoileanna a Thacaíonn le Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachias acu i Scoileanna Príomhshrutha (ar fáil anseo), tugtar treoir do scoileanna le riachtanais scoláirí a aithint agus chun freagairt orthu mar chuid den chreat um Leanúntas Tacaíochta.



Is é seo a leanas na critéir is féidir a úsáid chun na scoláirí a aithint agus a roghnú le haghaidh na n-áiteanna atá fágtha tar éis áiteanna a leithdháileadh ar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu i ranganna príomhshrutha:

- Scoláirí atá aitheanta cheana féin ag an scoil mar na scoláirí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath
- Scoláirí a dhéanann rochtain ar thacaíochtaí scoile MOS nó CRS i rith na scoilbhliana
- Sa Scéim Scoile Iar-bhunscoileanna, cuirtear deis ar fáil freisin do scoileanna chun tabhairt faoi riachtanais na scoláirí imirceacha ar nós dul i ngleic le scileanna Béarla agus imeascadh, lena n-áirítear scoláirí a tháing go hÉirinn ón Úcráin agus ó thíortha eile
- Scoláirí as pobail Taistealaithe agus Romanacha

Tá ról níos oiriúnaí ag scoileanna le bheith neamhspleách faoi chinneadh a dhéanamh faoi na scoláirí is mó ar dócha a bheith faoi mhíbhuntáiste oideachais. Tá ról níos oiriúnaí freisin ag scoileanna le cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a reáchtáilfear an scéim seo chun freastal ar a gcohórt scoláirí.

I gcás nach bhfuil Clár Samhraidh Scoilbhunaithe á reáchtáil ag scoil, beidh daltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta casta acu in ann iarratas a dhéanamh ar an gclár Bailebhunaithe.

Fad na Scéime

Ba cheart Scéim na nIar-bhunscoileanna a bheith ar siúl ar feadh 2 sheachtain le linn na laethanta saoire samhraidh scoile. Ní gá gur seachtainí comhleanúnacha a bheadh i gceist, tá an scéim solúbtha ionas gur féidir le scoileanna na seachtainí is fearr a oireann dá gcuid riachtanas agus den fháil atá ar a foireann a roghnú. Ní féidir an clár a reáchtáil ag an deireadh seachtaine ná ar Lá Saoire Bainc.

Leithdháileadh Foirne – Líon na ngrúpaí

Scoláirí atá rollaithe i ranganna speisialta	Tá an fhoireann (múinteoirí agus CRSanna) mar an gcéanna mar atá leithdháileadh acmhainní an ranga speisialta atá ann cheana féin i rith na scoilbhliana (e.g. Tá scoláirí rollaithe i rang speisialta do leanaí a bhfuil uathachas orthu: Is é an cóimheas idir Scoláirí agus Múinteoirí do na Cláir Samhraidh seo 6:1 agus dhá CRS).
Daltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta casta acu agus/nó daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais atá cláraithe i ranganna príomhshrutha	Beidh an cóimheas Daltaí agus Múinteoirí 12:1 agus CRS amháin*
Grúpa comhcheangailte daltaí a bhfuil socrúcháin **ranga speisialta** acu agus scoláirí incháilithe **a bhfuil riachtanais oideachais speisialta casta acu agus/nó iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais** atá i **socrúcháin ranga príomhshrutha**	Tá an fhoireann (múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta) mar an gcéanna leis an leithdháileadh ranga speisialta atá ann i rith na scoilbhliana (e.g. Tá áit ag an Dalta i rang speisialta do pháistí a bhfuil uathachas orthu: Is é 6:1 an cóimheas dalta/múinteora don chlár Samhraidh agus beirt CRS).
Sa ghrúpa ranga speisialta nó sa suíomh grúpa comhcheangailte, chun críocha Chlár an tSamhraidh, tá solúbthacht ag scoileanna breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun na leithdháiltí acmhainní atá ann cheana a ailíniú chun freastal ar leanaí incháilithe breise sna grúpaí seo. Táthar ag súil, áfach, go gcoinneofar páistí ó ranganna speisialta laistigh dá ngrúpa ranga speisialta ar feadh ré Chlár an tSamhraidh.	

*Ós rud é gur cuid bheag den líon iomlán daltaí atá ag glacadh páirt sa Chlár Samhraidh iad, beidh an riachtanas maidir le tacaíocht CRS le linn an Chláir Samhraidh níos ísle ná leithdháileadh bliantúil CRS na scoile. Ba chóir do scoileanna a bheith ar an eolas go bhfuil an tacaíocht CRS a chuirtear ar fáil chun tacú leis na daltaí sin atá ag glacadh páirt i gcásanna ina bhféadfadh riachtanais chúraim bac a chur ar a rochtain ar an gclár murach sin.

An líon is lú daltaí atá ag teastáil

Táthar ag súil go mbeidh 4 scoláire ar a laghad i ngrúpa ranga speisialta. I gcás grúpaí príomhshrutha, iarrtar ar scoileanna gach iarracht is féidir a dhéanamh chun a chinntiú go gcoimeádtar an cóimheas 12 dalta le 1 mhúinteoir. Má tá aon cheist ag scoileanna maidir le tairseacha íosta, déan teagmháil le schoolsummerprogramme@education.gov.ie

2. An próiseas Iarratais

Tairseach Clárúcháin Ar Líne

Ní mór do iar-bhunscoileanna ar mian leo páirt a ghlacadh i gClár Samhraidh 2026 iarratas a dhéanamh ar Thairseach Iarratais Ar Líne na Roinne do Bhunscoileanna.

Cuirfear an nasc chuig an tairseach in iúl do scoileanna trí ríomhphost.

Tar éis an iarratais, seolfar ríomhphost chuig scoileanna ina n-admhófar cén scéim ar chuir an scoil isteach uirthi.

Sa tseachtain dar tosach an **18 Bealtaine 2026**, déanfar teagmháil le scoileanna ar bhonn aonair agus gheobhaidh siad ríomhphost leantach ina ndeimhneofar líon na ndaltaí atá ceadaithe chun páirt a ghlacadh i gclár na bliana seo, mar aon le leithdháileadh foirne a shanntar dá scoil.

Achomhairc ar Leithdháileadh Acmhainní

Má bhíonn fiosrú ag scoil nó más mian le scoil soláthar breise foirne a éileamh, lena n-áirítear tacaíocht CRS*, ba cheart don Eagraí teagmháil a dhéanamh le schoolsummerprogramme@education.gov.ie agus bunús an achomhairc á leagan amach sula dtosaíonn an clár.

Cuirfear dáta deiridh le haghaidh achomharc in iúl do scoileanna nuair a osclófar an tairseach iarratais.

*Ní bhreithneofar iarratais ar thacaíocht bhreise ó Chúntóirí Riachtanas Speisialta ach amháin má fhanann an leithdháileadh laistigh de leithdháileadh bliantúil na scoile. Ba chóir do scoileanna a bheith ar an eolas go bhfuil an tacaíocht CRS a chuirtear ar fáil chun tacú leis na daltaí sin atá ag glacadh páirt sa chlár i gcás ina bhféadfadh riachtanais chúraim bac a chur ar a rochtain ar an gclár murach sin.

3. Acmhainní foirne

Níl róil an **Eagraí** agus an **Bhainisteora** teoranta do phríomhoide na scoile. Moltar na róil seo a fhorbairt laistigh den scoil chun na hualaí oibre a mhaolú.

Cruthaíonn na róil seo deiseanna nua forbartha agus ceannaireachta d'fhoireann scoile agus fás ar an gceannaireacht dáilte laistigh de scoileanna.

Ról an Eagraí

Is féidir le haon mhúinteoir buan nó ar théarma seasta, an príomhoide san áireamh, sa scoil rannpháirteach glacadh le ról an Eagraí agus tá sé teoranta do dhuine amháin sa scoil. Is é **€2,000** an t-ollphá a bheidh ag gabháil le Ról an Eagraí do scoileanna rannpháirteacha amháin, agus is féidir é seo a éileamh a luaithe a thosaíonn clár a scoile. Má bhíonn suim ag níos mó ná múinteoir amháin sa ról seo, beidh an fhreagracht ar na Boird Bhainistíochta an t-iarrthóir is oiriúnaí a roghnú. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an tEagraí faoi dhualgais ar leith mar a leagtar amach thíos.

Ba choir na huaireanta a bhaineann leis an bpost a thaifeadadh agus féadfar iad a úsáid do roinnt de na gníomhaíochtaí seo a leanas nó dóibh go léir:

- Tabhairt faoi oiliúint a bhaineann leis an gClár Samhraidh atá curtha ar fáil ag an Roinn agus/nó ag na gníomhaireachtaí eile;
- Múinteoirí/CRSanna a chur ar an eolas maidir le hábhair agus acmhainní treorach a chuireann an Roinn ar fáil
- Foireann a earcú chun obair a dhéanamh ar an gclár samhraidh, go hinmheánach agus go seachtrach araon.
- Nuair a bhíonn foireann sheachtrach in úsáid ag scoileanna, nósanna imeachta a bhunú le heolas ábhartha daltaí, doiciméid phleanála chuí agus sonraí faoi pholasaithe agus nósanna imeachta na scoile a éascú agus a roinnt le baill foirne nua nó le baill foirne nach bhfuil taithí acu ar na scoláirí.
- Oibriú i gcomhar le pearsanra na scoile chun na scoláirí ar cheart dóibh páirt a ghlacadh sa chlár scoilbhunaithe a aithint agus dul i dteagmháil lena dtuismitheoirí/caomhnóirí.
- Clár samhraidh agus gníomhaíochtaí na scoile a fhorbairt de réir théama na bliana seo.
- Clár ama a fhorbairt don Chlár Samhraidh.
- Nuair is gá, socruithe iompair a dhéanamh.
- A chinntiú go bhfuil socruithe (i.e. seomraí ranga, foirgnimh scoile) sa scoil ar fáil i rith an chláir.
- Nua do 2026. Ar iarratas, cuir liosta na ndaltaí atá rannpháirteach sa Scéim Iar-bhunscoile ar fáil.
- Dul i dteagmháil le Riarthóir Áitiúil Esinet lena chinntiú go gcuireann siad foireann sheachtrach san áireamh ar liosta acmhainní / foirne na scoile. Beidh sé seo le déanamh sula dtosaíonn Bainisteoir an Chláir Samhraidh.

Beidh gá le comhoibriú idir an tEagraí agus Bainisteoir Chlár Samhraidh na scoile sula gcuirfear tús le scéim an scéim Iarbhunscoile chun tacú le seachadadh an Chláir Samhraidh sa scoil. Tá gá leis

na dualgais seo a thabhairt ar láimh do Bhainisteoir an Chláir Samhraidh mar chuid d'obair ullmhúcháin an Eagraí.

Ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh

Caithfidh gach scoil Bainisteoir a cheapadh don Chlár Samhraidh. Is féidir le haon mhúinteoir buan nó múinteoir ar théarma seasta, lena n-áirítear an príomhoide agus Eagraí an Chláir Samhraidh sa scoil rannpháirteach, ról an Bhainisteoir an Chláir Samhraidh a ghlacadh. Moltar go ndéantar breithniú ar an gceapachán seo i gcomhthéacs an duine a bhfuil an taithí ábhartha is mó aige/ aici i riachtanais speisialta oideachais (RSO).

Is féidir ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh a roinnt idir níos mó ná múinteoir buan amháin laistigh den scoil, ach, níl ach Bainisteoir amháin in ann obair sa cháil sin sa scoil in aon lá amháin. Ní íocfar gach Bainisteoir ach amháin do na laethanta/seachtainí den chlár a oibríonn sé/sí sa ról.

Níl cead ag Bainisteoir an Chláir Samhraidh páirt a ghlacadh sa chlár i ról múinteoireachta mar beidh sé/sí freagrach as an gclár a bhainistiú agus a threorú sa scoil.

Is é ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh ná bainistíocht/maoirseacht a dhéanamh ar an gclár samhraidh agus ní mór dó/di a bheith ar fáil le linn tréimhse iomláine an chláir, sa scoil nó nuair atá sé/sí in éineacht le grúpaí den Chlár Samhraidh ar thurais, chun déileáil le haon saincheisteanna a thiocfadh chun cinn.
Áireofar le ról Bhainisteoir an Chláir na dualgais seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Ag gníomhú mar phointe teagmhála don Roinn agus/nó don Ionad Oideachais agus do thuismitheoirí maidir leis an gClár Samhraidh.
- Ag gníomhú mar phointe teagmhála don Chigireacht sa chás go mbíonn cuairt ar an scoil i rith an Chláir Samhraidh.
- Ag gníomhú mar theagmhálaí le baill foirne eile atá ag obair ar an gclár maidir le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag teacht chun cinn.
- A c(h)lár a bhunú agus a chinntiú go bhfeidhmíonn sé laistigh de na hacmhainní atá ceadaithe ag an Roinn.
- Más infheidhme, ag déileáil le haon fhadhbanna atá ag scoláirí rannpháirteacha maidir le seirbhísí iompair.
- A chinntiú go gcuirtear tuairisceáin chuí chuig an Roinn maidir le luach saothair múinteoirí, CRSanna, Eagraí agus Bainisteora ar nó roimh na spriocdhátaí foilsithe.
- A chinntiú go n-eisítear aon doiciméid threoracha ábhartha arna soláthar ag an Roinn chuig baill foirne a bhfuil baint acu leis an bpróiseas íocaíochta.
- Éilimh ar íocaíochtaí caipitíochta/deontais agus ar aon chostais iompair a chur isteach chuig an Roinn nó chuig an Ionaid Oideachais.
- A chinntiú go ndéantar aon ábhar meastóireachta ar an gClár Samhraidh a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an Roinn, ceistneoirí meastóireachta ar líne san áireamh.

Ról an Mhúinteora

Go hidéalach, cuideoidh rannpháirtíocht múinteoirí a bhfuil cur amach acu ar riachtanais na ndaoine óga a bheidh ag freastal ar na cláir leis na scoileanna a mbíonn clár samhraidh á thairiscint acu. Má bhíonn an taithí seo ag múinteoirí, beidh sé níos éasca dóibh tosaíochtaí foghlama atá ailínithe le pleananna tacaíochta atá ann cheana féin a bhunú agus clár tacaíochta a dhearadh chun nasc leis an scoil a choinneáil.

Má tá múinteoirí eile fostaithe, ba chóir go n-iarrfadh na múinteoirí seo fáil a bheith acu ar an bplean tacaíochta is déanaí do na scoláirí chun cuidiú le tosaíochtaí foghlama a bhunú.

NÓTA: Ba chóir do mhúinteoirí taifead ábhair agus scileanna a choinneáil a mhúintear le linn an Chláir Samhraidh agus achoimre air seo a chur ar fáil don phríomhoide agus do na tuismitheoirí, de réir mar is cuí. **Féadfaidh ball den Chigireacht na taifid seo a fheiceáil ar chuairt scoile le linn an Chláir Samhraidh (féach le do thoil don doiciméad: Treoir ar Chlár Samhraidh 2026 le haghaidh tuilleadh eolais).**

Ról an Chúntóra Riachtanas Speisialta (CRS)

Más féidir, ba chóir do scoileanna a chuireann an Clár Samhraidh ar fáil iarracht a dhéanamh rannpháirtíocht CRSanna a bhfuil cur amach acu ar na leanaí agus daoine óga a bheidh ag freastal air a chinntiú. Ba chóir go leanfadh róil agus dualgais na CRSanna le linn an chláir samhraidh le bheith ar aon dul leis na róil atá leagtha amach i bpolasaí RSO na scoile agus go mbeidís de réir na bpleananna cúraim atá ann cheana féin do na leanaí agus daoine óga. Ba chóir béim ar leith a bheith ar riachtanais sláinte agus chúraim a shásamh agus ar neamhspleáchas a chothú.

Caithfidh CRSanna a bheith 17 mbliana d’aois ar a laghad chun oibriú ar an gClár Samhraidh.

Baill foirne sheachtracha a earcú

Is féidir le scoileanna múinteoirí agus/nó CRSanna a fhostú ó lasmuigh den scoil mura bhfuil gnáthbhaill foirne na scoile ar fáil do chuid den chlár samhraidh nó don chlár samhraidh ar fad. Moltar do scoileanna nósanna imeachta a bhunú le heolas ábhartha scoláirí, doiciméid phleanála chuí agus sonraí faoi pholasaithe agus nósanna imeachta na scoile a roinnt le múinteoirí nua nó le múinteoirí nach bhfuil taithí acu ar na leanaí agus na daoine óga. Cuirfear treoir bhreise ar fáil do scoileanna agus d’Eagraithe mar chuid de thacaíochtaí Chlár Samhraidh 2026.

Cuirfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) an clár samhraidh chun cinn le múinteoirí iarchéime na bliana seo, múinteoirí faoi oiliúint ar an Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) agus mic léinn fhochéime atá cláraithe faoi Bhealach 5 chun an soláthar múinteoirí atá ar fáil a mhéadú an samhradh seo. Tá tuilleadh eolais ar fáil do gach catagóir múinteoirí sna codanna ábhartha thíos.

Chun cuidiú le múinteoirí agus CRSanna folúntais cláir samhraidh a aimsiú i scoileanna, tá Cláir Fhógraí Cláir Samhraidh cruthaithe ag an IPPN. Is féidir féachaint ar na cláir fhógraí seo trí chuntas

a chruthú ar www.educationposts.ie. Cuideoidh sé seo le scoileanna baill foirne iomchuí a aimsiú ina gceantar áitiúil.

Caithfidh scoileanna cloí le nósanna imeachta caighdeánacha earcaíochta agus grinnfhiosrúcháin nuair a bhíonn na baill foirne uile á bhfostú.

Múinteoirí céime a earcú

Féadfaidh múinteoirí a bhfuil céim acu obair ar an gClár Samhraidh má tá tús curtha acu lena bpróiseas clárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus má chomhlíon siad na coinníollacha seo a leanas:

1. Go bhfuil dtorthaí deiridh faighte acu óna IAO ag deimhniú go bhfuil siad incháilithe le clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
2. Go bhfuil Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána curtha i gcrích mar chuid den iarratas uathu chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
3. Go mbeidh a gclárú leis an gComhairle curtha i gcrích roimh an 02 Deireadh Fómhair 2026.

Ní féidir ach an ráta neamhcháilithe a íoc le múinteoirí nach bhfuil a gclárú de chuid na Comhairle Múinteoireachta curtha i gcrích acu as ucht a rannpháirtíochta sa chlár. Ní féidir ach an ráta cáilithe iar-bhunscoile a íoc le múinteoirí atá cláraithe faoi Bhealach 2 de chuid na nIar-bhunscoile ón dáta clárúcháin de réir mar atá curtha in iúl ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

Múinteoirí MGO faoi oiliúint a earcú

Féadfaidh múinteoir faoi oiliúint ar an MGO atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 3 – Breisoideachas, oibriú ar an gclár samhraidh.

Beidh múinteoirí MGO faoi oiliúint atá i mBliain 1 den chlár agus a rinne iarratas ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhreisoideachas, incháilithe lena bhfostú ag iar-bhunscoileanna má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

1. Go mbíonn grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána curtha i gcrích mar chuid dá n-iarratas ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
2. Go mbeidh a gclárú leis an gComhairle faoin mbealach Breisoideachais tagtha chun críche roimh an 02 Deireadh Fómhair 2026.

Maidir le múinteoirí MGO faoi oiliúint atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoin mbealach Breisoideachais, íocfar iad de réir an ráta neamhcháilithe as obair ar an gclár samhraidh.

Múinteoirí fochéime faoi oiliúint a earcú

Is féidir múinteoir faoi oiliúint atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 5 a bheith fostaithe ag iar-bhunscoileanna.

Íocfar múinteoirí fochéime faoi oiliúint atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 5 ag an ráta neamhchláilithe ar an gclár samhraidh

Íocfar múinteoir a bhfuil an chéim acu, múinteoirí MGO faoi oiliúint agus múinteoirí fochéime ar Bhealach 5 ar an dóigh chéanna a n-íoctar baill foirne ionaid.

4. Eolas don Fhoireann

Rátaí íocaíochta

Maidir le bainisteoirí, múinteoirí agus CRSanna a oibríonn ar an gclár, íocfar iad as an obair sin bunaithe ar na rátaí a n-íoctar leo de ghnáth le linn na scoilbhliana, i.e. a ráta pearsanta.

Má bhíonn múinteoir páirteach sa chlár **sa ról CRS** gheobhaidh sé/sí ráta pá an CRS.

Rátaí pá ionaid

Tabharfar luach saothair do mhúinteoirí ar conradh agus do CRSanna as a gcuid oibre bunaithe ar na rátaí a n-íoctar de ghnáth leo i rith na scoilbhliana i.e. a ráta pearsanta. Íocfar ráta pá in aghaidh an lae/uair an chloig le gach duine eile.

Incháilitheacht múinteoirí/CRSanna atá ar shaoire cheadaithe

Maidir le múinteoir nó CRS atá ar shaoire cheadaithe íoctha nó neamhíoctha óna f(h)ostaíocht le linn thréimhse an chláir samhraidh níl sé/sí incháilithe le bheith páirteach ann. Mar sin féin, tá múinteoir nó CRS atá ar bhriseadh gairme nó ar phostroinnt incháilithe le bheith fostaithe mar mhúinteoir nó CRS le linn thréimhse an chláir. Féadfar múinteoirí atá ag postroinnt nó CRSanna a bheith páirteach go lánaimseartha sa chlár samhraidh.

Múinteoirí ar scor

Ní féidir le múinteoirí a chuaigh ar scor ar fhorais liachta Shnáitheanna 1 agus 2 den Scéim Luathscoir páirt a ghlacadh sa chlár samhraidh.

Féadfaidh múinteoirí a chuaigh ar scor faoi Shnáithe 3 den Scéim Luathscoir páirt a ghlacadh sa chlár samhraidh. Tabhair faoi deara go mbeidh siad faoi réir shrianta na scéime pinsin lena rialaítear a scor.

5. An Próiseas Íocaíochta

Úsáidfidh scoileanna rannpháirteacha córas Esinet na Roinne chun éilimh a chur isteach. Tabharfaidh sé seo deis éilimh a phróiseáil go leanúnach i rith an tsamhraidh.

Déanfaidh an Roinn iarracht na hamanna íocaíochta a laghdú i mbliana do gach éileamh íocaíochta iomlán a chuirtear ar ais roimh na spriocdhátaí foilsithe. Próiseálfaidh an Roinn íocaíochtaí le múinteoirí agus le CRSanna de réir mar a chuirtear isteach éilimh ar íocaíocht chomhlánaithe i rith an tsamhraidh trí thairseach Esinet.

Beidh ar an bPríomhoide nó an Riarthóir Áitiúil róil Cheadaitheoir Sonraí an Chláir Samhraidh agus Iontráil Sonraí an Chláir Samhraidh a shannadh laistigh den scoil chun críocha an chláir samhraidh.

Tá Bainisteoir an Chláir Samhraidh freagrach as a chinntiú go gcuirtear tuairisceáin chuí isteach chuig an Roinn faoi na spriocdhátaí foilsithe nó roimhe sin. Caithfear a chinntiú go n-eisítear sonraí maidir leis an bpróiseas íocaíochta do gach ball foirne a bhfuil baint acu leis an gclár agus go gcuirtear aon treoir dhoiciméid ábhartha a sholáthraíonn an Roinn ar fáil dóibh.

Beidh sé tábhachtach go gcuirfear gach éileamh íocaíochta isteach faoi na spriocdhátaí foilsithe lena chinntiú go n-íoctar an fhoireann in am. Níor cheart do scoileanna a n-éilimh íocaíochta a chur isteach go dtí go mbíonn a gclár críochnaithe.

Cuirfidh an Roinn treoir agus tacaíocht ar fáil le linn an phróisis. Eiseofar tuilleadh sonraí ar an gcaoi inar féidir éilimh a chur isteach chuig na scoileanna rannpháirteacha in am trátha.

Cuirfidh scoileanna BOO a n-éilimh isteach trí fhoirmeacha éilimh a chuirfidh an Roinn ar fáil.

*Áirítear ar na tuairisceáin chuí dearbhú líon na ndaltaí in aghaidh na seachtaine den chlár agus/nó comhlánú an tSuirbhé na mBéilí Scoile ar Esinet. Má theipeann ar an mbainisteoir na tuairisceáin chuí a chur isteach, d’fhéadfadh moill a bheith ar a n-éilimh íocaíochta.

6. Tacaíochtaí breise

Íocaíocht Deontais an Chláir Samhraidh

Íocfar deontas neamhphá de €30 do gach scoláire in aghaidh na seachtaine leis na scoileanna uile atá rannpháirteach i Scéim na nIar-bhunscoileanna.

Ní féidir an deontas a phróiseáil le haghaidh íocaíochta ach amháin nuair atá na tuairisceáin Líon scoláirí comhlánaithe ag an scoil ar an tairseach Esinet. Beidh treoir iomlán ar fáil do scoileanna faoin gcaoi ina ndéanfar an tuairisceán a chomhlánú.

Tosóidh íocaíochtaí don deontas seo i mí Dheireadh Fómhair 2026 do scoileanna a rinne an tuairisceán seo. Déanfaidh scoileanna BOO a tuairisceán líon scoláirí a chomhlánú mar chuid dá bhfoirm éilimh.

Iompar

TABHAIR FAOI DEARA: Má tá seirbhísí iompair scoile ag teastáil uait do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i rith Chlár Samhraidh 2026, ní mór duit na Foirmeacha Iarratais ar Iompar Scoile iniata a chur isteach **roimh 15 Bealtaine 2026** lena chinntiú gur féidir an t-iompar atá ag teastáil a eagrú.

Iompar Scoile do Dhaoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (RSO)

D'fhéadfadh seirbhísí iompair scoile do Chlár Samhraidh 2026 a bheith ar fáil do dhaltaí a bhaineann leas as iompar de ghnáth faoin *Scéim Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu* le linn na scoilbhliana.

Is féidir le teaghlach atá ag baint leas as deontas speisialta iompair le linn na scoilbhliana leanúint ar aghaidh ag déanamh amhlaidh má cheadaítear dá leanbh freastal ar an gClár Samhraidh ina scoil. Íoctar deontais ar an ngnáthbhealach nuair a fhaightear Foirm Ráitis Tinrimh óna scoil.

Nuair a chláraíonn scoil don Chlár Samhraidh ní mór d'**Eagraí an Chláir Samhraidh** na nithe seo a leanas a dhéanamh má theastaíonn uathu leanúint ar aghaidh le seirbhísí iompair RSO:

- Nuair a chláraíonn scoileanna don Chlár Samhraidh gheobhaidh siad nasc chuig foirm Iarratais ar Iompar Scoile ina r-phost deimhnithe.
- Comhlánaigh an fhoirm go hiomlán do na scoláirí uile atá ar iompar RSO faoi láthair (ní gá go mbeadh scoláirí a bhaineann leas as Deontas Iompair Speisialta ar an liosta).
- Seol an fhoirm chomhlánaithe ar ais chuig Rannóg Iompair Scoile na Roinne chuig SENtransport@education.gov.ie **roimh 15ú Bealtaine 2026**.
- Is féidir aon cheist a chur chuig SENtransport@education.gov.ie

Ní mór don scoil gach Foirm Iarratais ar Iompar Scoile a chur isteach roimh an **roimh 15ú Bealtaine 2026** ionas go mbeidh iompar i bhfeidhm do Chlár Samhraidh 2026.

Maidir le coimhdirí atá ag teastáil chun cuidiú a thabhairt ar Sheirbhísí Iompair Scoile RSO mar atá leagtha amach thuas, ba chóir go leanfaí á n-íoc ar an ngnáthbhealach.

Ní mhaoineofar ach seirbhísí a fuair cead ón Roinn do choimhdirí i rith na scoilbhliana i dtaca leis seo.

Tabhair faoi deara nach féidir ach iompar chuig agus ó chlár an tsamhraidh a sholáthar.

Iompar Scoile Príomhshrutha

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbeidh Scéim Iompair Scoile Iar-bhunscoileanna na Roinne ag feidhmiú ar feadh thréimhse an chláir samhraidh in 2026.

Áit a n-aithnítear go bhfuil an t-iompar go dtí Clár Samhraidh na nIar-bhunscoileanna agus ó Chlár Samhraidh na nIar-bhunscoileanna ina bhac do scoláirí áirithe chun freastal ar an gclár, is féidir le scoileanna a socruithe iompair áitiúla féin a dhéanamh agus na costais a bhaineann leo a éileamh ó Rannóg Clár Samhraidh na Roinne suas go dtí **€1,750** in aghaidh na seachtaine.

Níor chóir iompar a eagrú ach amháin do na scoláirí sin atá ag baint leas as iompar scoile cheana féin faoi Scéim Iompair Scoile Iar-bhunscoileanna na Roinne. Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil ach an t-iompar go dtí an clár samhraidh agus ón gclár samhraidh clúdaithe ag an deontas seo.

Ní mór go mbeadh an méid seo a leanas in éineacht leis na héilimh i dtaca le costais iompair:

- na hadmhálacha iomchuí e.g. admhálacha ó chuideachtaí bus príobháideacha, admhálacha ó thacsaithe;
- ainmneacha na scoláirí ar cuireadh iompar ar fáil dóibh go dtí an clár samhraidh agus ón gclár samhraidh agus;
- deimhniú go bhfuil siad ag baint leas as Scéim Iompair Scoile Iar-bhunscoileanna na Roinne faoi láthair (uimhir aitheantais thicéad bus scoile de chuid Bus Éireann)

agus curtha isteach go dtí schoolsummerprogramme@education.gov.ie nuair atá an clár tagtha chun críche. Ba chóir aon fhiosruithe a bhaineann leis na socruithe íocaíochta don iompar príomhshrutha a chur chuig an seoladh sin. Tosóidh na híocaíochtaí i mí Dheireadh Fómhair 2026 le scoileanna a chuir an t-eolas atá ag teastáil ar fáil. Áit ar chuir scoileanna BOO an t-eolas thuas ar fáil, déanfar an gcostais iompair a aisíoc mar chuid dá n-éileamh foriomlán.

7. Tuilleadh eolais

Cosaint Leanaí

De réir na nósanna imeachta um chosaint leanaí do scoileanna, ní mór do na boird bhainistíochta comhalta sinsearach lánaimseartha d'fhoireann teagaisc chláraithe na scoile a ainmniú mar an duine idirchaidreamh ainmnithe DIA don scoil. Ceaptar gurb é an DIA an príomhoide de ghnáth.

Tá an bord bainistíochta freagrach freisin as comhalta eile d'fhoireann teagaisc chláraithe lánaimseartha na scoile (ar a dtabharfar an leas-DIA) a ainmniú chun freagrachtaí an DIA a ghlacadh, má bhíonn an DIA as láthair. Nuair is féidir, ceaptar gurb é an leas-DIA leas-phríomhoide ar an scoil.

Lena chinntiú go gcomhlíontar dualgais a eascraíonn as dualgais éagsúla na scoile faoi Chosaint Leanaí, tá sé tábhachtach nach mbeadh aon mhoill ar thuairisciú aon ábhair imní faoi chosaint leanaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

In the event that the Summer Programme Manager is someone other than the Designated Liaison Person (DLP)/Deputy Designated Liaison Person (Deputy DLP), the DLP/Deputy DLP should be contacted immediately to deal with any child protection concerns that may arise.

Mura bhfuil an DIA/Leas-DIA ar fáil le teagmháil a dhéanamh leis/léi le linn na tréimhse seo, ba chóir don Bhord Bainistíochta/BOO socruithe a dhéanamh chun Bainisteoir an Chláir Samhraidh a ainmniú leis an ról a ghlacadh ar bhonn sealadach. Ní mór don bhord bainistíochta an cinneadh seo a dhéanamh agus é a dhoiciméadú go soiléir i miontuairiscí an bhoird. Ní mór ainmneacha an DIA/Leas-DIA ghníomhaigh a chur ar taispeáint go feiceálach ag an mbealach isteach/amach go dtí an limistéar scoile ina bhfuil clár an tsamhraidh ar siúl. Ní mór oiliúint chuí a chur ar an DIA/Leas-DIA gníomhach dá róil sula gcuirtear tús leis an gclár samhraidh.

Tá sé tábhachtach soiléireacht iomlán a bheith ann maidir leis na socruithe atá á n-úsáid agus go mbeadh gach ball foirne lena n-áirítear an DIA agus an Leas-DIA ar an eolas faoi na cúinsí teoranta agus eisceachtúla ina gcuirfear iad i ngníomh.

Ní mór nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear an polasaí agus nósanna imeachta frithbhulaíochta i bhfeidhm agus go gcloítear leo le linn chlár an tsamhraidh agus go gcuirtear príomhoide na scoile agus an bord bainistíochta ar an eolas faoi aon ábhar imní/teagmhais bhulaíochta.

An Ghaeilge

Sna scoileanna lán-Ghaeilge, tá sé tábhachtach gurb í an Ghaeilge teanga oibre agus chumarsáide an chláir samhraidh.

Treoirlínte Sláinte Poiblí

Caithfidh scoileanna na cláir samhraidh a chur i bhfeidhm de réir aon chomhairle agus treoirlínte sláinte poiblí. Foilsítear an fhaisnéis is mó suas chun dáta ar shuíomh gréasáin an FSS ar: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/

Fad an lae scoile

Ba chóir fad an lae scoile a ailíniú leis an ngnáthlá scoile mar atá leagtha amach i gCiorclán M29/95. Ba chóir go mbeadh amanna tosaithe agus críochnaithe laethúla Chlár an tSamhraidh ag teacht le hamchlár reatha na scoile.

Ba chóir do mhúinteoirí am a úsáid ag tús nó ag deireadh an lae le haghaidh pleanála agus athbhreithnithe. Ba chóir do dhaltaí tosú tráth nach déanaí ná 10.00 am agus críochnú tráth nach luaithe ná 3 pm.

Íocfar Múinteoirí agus Bainisteoirí Cláir as gach uair an chloig a oibrítear agus is é 28 uair an chloig na huasuaireanta inéilithe (in aghaidh an mhúinteora nó an Bhainisteora a oibríonn seachtain cúig lá).

Chun críocha coimeád taifead, nuair a chláraíonn siad do Chlár an tSamhraidh, beidh ar scoileanna a ngnáth-amanna tosaithe agus críochnaithe a dheimhniú le linn théarma na scoile.

Fiosruithe agus Tacaíocht

Is féidir aon eolas agus acmhainní oiliúna ábhartha don chlár samhraidh a fháil ag an nasc seo: https://www.gov.ie/Summerprogramme

Is féidir aon fhiosruithe eile a chur chuig schoolsummerprogramme@education.gov.ie.

Tá líne chabhrach ar fáil freisin don Chlár Samhraidh ag 09064 84292; foilseofar na hamanna agus na dátaí ina bhfuil an líne oscailte ar https://www.gov.ie/Summerprogramme.

Cuireann an CNOS acmhainní ar fáil chun tacú leis an gclár samhraidh scoilbhunaithe. Leis na hacmhainní sin, tacaítear le teagascóirí eispéiris foghlama atá spéisiúil a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, áit a ndírítear ar an gcaidreamh lena scoileanna a dhaingniú, ag tacú le folláine fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach, ag tógáil ar a muinín mar fhoghlaimeoirí agus ag forbairt scileanna agus gnáthamh chun tacú tacú le haistriú rathúil chuig an gcéad chéim eile dá n-scolaíocht. Beidh acmhainní ar fáil ag an nasc seo, tar éis seimineár eolais oiliúna do mhúinteoirí: https://ncse.ie/summer-programme. Fógróidh Comhordaitheoir Náisiúnta an Chláir Samhraidh sonraí faoi na seimineáir eolais oiliúna do mhúinteoirí.